V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10692 – SEGRO / PSPIB / TARGET ASSET SOUTH PARIS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 130/16)

1. An 16 Márta 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SEGRO plc ("SEGRO", an Ríocht Aontaithe),

— Public Sector Pension Investment Board ("PSPIB", Ceanada),

— Maoin lóistíochta lonnaithe i Plessis Pâté i bPáras Theas, an Fhrainc (an "Spriocshócmhainn", an Fhrainc).

Gheobhaidh SEGRO agus PSPIB rialú comhpháirteach ar an Spriocshócmhainn ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— I gcás SEGRO: úinéireacht, sócmhainní a bhainistiú agus trádstóráil nua-aimseartha agus réadmhaoin thionsclaíoch éadrom a fhorbairt atá suite timpeall ar chomhchathracha móra agus ag príomh-mhoil iompair ar fud roinnt tíortha de chuid an Aontais Eorpaigh;

— I gcás PSPIB: punann domhanda éagsúlaithe, lena n-áirítear stoic, bannaí agus urrúis ioncaim sheasta eile, mar aon le hinfheistíochtaí i gcothromas príobháideach, i réadmhaoin, i mbonneagar, in acmhainní nádúrtha agus i bhfiachas príobháideach a bhainistiú;

— I gcás na Spriocshócmhainne: maoin loistíochta le limistéar cíosa de 50,098 méadar cearnach atá suite ó dheas ó Pháras, an Fhrainc, i Plessis-Pâté. Ta an Spriocshócmhainn faoi léas le tríú páirtí faoi láthair agus úsáidtear é go príomha mar thrádstóras.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10692 – SEGRO / PSPIB / TARGET ASSET SOUTH PARIS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË